Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Feabhra 2021
(OR. en)

5443/21

LIMITE

WTO 9
AGRI 20
UD 16
UK 18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0004 (NLE)**

PUBLIC

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpach, an chomhaontaithe idir an tAontas agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXVV AE de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXVV AE de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d’Airteagal 207(4) i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018 thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht ar chomhaontú le Ríocht na Téalainne i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas.

(2) Tá an chaibidlíocht tugtha i gcrích agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí a áirítear i Sceideal CLXVV AE de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach (‘an Comhaontú’) an 7 Eanáir 2021.

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (GATT) 1994 i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXVV AE de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach, rud atá faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin[1+].

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a dtugtar de chumhacht dó nó dóibh an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

[+] Toscaireachtaí: féach doiciméad ST 5445/21.